# Corpoideachas na hArdteistiméireachta

## Treoirlínte maidir leis an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp

AN ARDTEISTIMÉIREACHT
Eanáir 2019

# An clár ábhar


**Réamhrá** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 3

**Amlíne don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp** . . . . . 4

**An Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a thabhairt chun críche** . . . . . . . . . . . . . . . . 5

**Aguisíní**

Aguisín A: Sampla de litir thoilithe ón tuismitheoir . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .15

Aguisín B: Sampla de litir thoilithe do dhuine óg . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .16

Aguisín C: Tuairisceoirí cáilíochta don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp . . . . . . . . . . . . .17

# Réamhrá

Tá an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp ar cheann de na trí chomhpháirt i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta mar thoradh ar an tsonraíocht ina gcuimsítear staidéar ar na gnéithe teoiriciúla a théann i bhfeidhm ar fheidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp. Sa chorpoideachas, de réir mar a bhíonn an scoláire ag foghlaim, bíonn sé páirteach go gníomhach i dtrí ghníomhaíocht choirp a roghnaítear as trí raon éagsúla den ghníomhaíocht choirp. Foghlaimíonn an scoláire faoi na gnéithe éagsúla a mbíonn tionchar acu ar thaispeántas barrmhaith trí na gníomhaíochtaí sin. Foghlaimíonn sé freisin lena fhoghlaim a chur i bhfeidhm le gníomhaíochtaí coirp eile, lena n-áirítear cinn a bhféadfaidís a bheith páirteach iontu taobh amuigh den rang corpoideachais. Deartar an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp chun measúnú a dhéanamh ar thuiscint foghlaimeoirí ar na gnéithe a mbíonn tionchar acu ar thaispeántas agus ar a gcumas a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm le taispeántas a fheabhsú i ngníomhaíocht a roghnaíonn siad féin, mar an duine atá ina bhun/chóitseálaí/chóiréagrafaí.

Tá ceangal díreach ag an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp le haidhm agus le torthaí foghlama na sonraíochta.

> *Is é aidhm Chorpoideachas na hArdteistiméireachta forbairt a dhéanamh ar chumas an fhoghlaimeora corpoideachas agus gníomhaíocht choirp a dhéanamh sa tsraith shinsearach agus ina shaol amach anseo ar bhealach eolach, oilte, féintreoraithe agus smaointeach.* **(Sonraíocht Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, lch 7)**

Téann an tionscadal i ngleic go díreach le torthaí foghlama shnáithe 1 den tsonraíocht. Dírítear i Snáithe 1, *I dtreo taispeántas barrmhaith,* ar an idirchaidreamh casta atá idir taispeántas i ngníomhaíocht choirp agus an raon tosca a mhúnlaíonn an taispeántas sin. Cuid lárnach den fhoghlaim i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta is ea an cumas an fhoghlaim faoi ghnéithe teoiriciúla an chorpoideachais a chur i bhfeidhm ar raon gníomhaíochtaí coirp agus na scileanna atá riachtanach chun taispeántas a fheabhsú. Déanfaidh foghlaimeoirí an t-eolas, an tuiscint agus na scileanna sin, lena n-áirítear na cinn a bhaineann le hanailís ar thaispeántas, spriocanna a shainaithint, cláir a dhearadh agus a phleanáil, agus machnamh, a chur san áireamh agus iad ag tabhairt faoin Tionscadal Gníomhaíochta Coirp.

Leis an tionscadal, tugtar deis don fhoghlaimeoir, sa ról a roghnaigh sé féin mar dhuine atá ina bhun/chóitseálaí/chóiréagrafaí, a chuid foghlama a thaispeáint nuair a

- dhéanann sé anailís ar an taispeántas ina ghníomhaíocht roghnaithe trí bhíthin peirspictíochtaí teoiriciúla difriúla
- leagann sé amach ceithre sprioc feidhmíochta agus nuair a dhéanann sé plean chun iad a bhaint amach
- chuireann sé traenáil/cleachtadh leanúnach i bhfeidhm agus nuair a dhéanann sé athmhachnamh leanúnach
- dhéanann sé anailís scoir ar an taithí agus ar thionchar an chláir.

Tugtar 20% de na marcanna atá ar fáil i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp agus déantar é a mheas ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal. Beidh leagan amach agus riachtanais an tionscadail mar an gcéanna ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal, agus mar sin ní gá d'fhoghlaimeoirí an leibhéal a bheith roghnaithe acu an tráth a gcuirtear isteach é. Déanfar idirdhealú an tráth a ndéanfar an measúnú agus cuirfear caighdeán cuí i bhfeidhm ag an dá leibhéal. Cuireann an foghlaimeoir déantán digiteach isteach, ina dtugtar na ceithre chéim den tionscadal ar tugadh breac-chuntas air thuas, lena measúnú.

# Amlíne don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp

Ba cheart go mairfeadh an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp ar feadh tréimhse idir ocht agus deich seachtaine ó thús mhí Dheireadh Fómhair go dtí lár mhí na Nollag sa séú bliain. Beidh tuairim is 20 go 25 uair an chloig oibre ón scoláire de dhíth, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a dtugtar fúthu taobh istigh agus taobh amuigh den rang. Ní mór don fhoghlaimeoir a thionscadal a chur i dtoll a chéile faoi mhaoirseacht an mhúinteora le linn am ranga.

Lár mhí na Nollag sa bhliain dheiridh den tsraith shinsearach is ea an spriocdháta chun an tuairisc a chur isteach (socróidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an dáta beacht trí chiorclán). Cuirfidh scoileanna na tionscadail isteach ar an dáta sonraithe.

# An Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a thabhairt chun críche

Tá trí chéim i gceist chun an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a thabhairt chun críche:

Céim 1: An gníomhaíocht choirp agus an ról a roghnú.

Céim 2: An Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a thabhairt chun críche.

Céim 3: An tuairisc a chruthú.

### CÉIM 1: AN GHNÍOMHAÍOCHT CHOIRP AGUS AN RÓL A ROGHNÚ

Féadfaidh an foghlaimeoir roghnú cén gníomhaíocht ar a ndíreoidh sé dá Thionscadal Gníomhaíochta Coirp. Féadfaidh an foghlaimeoir rogha a dhéanamh an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a chur i gcrích i gceann de na róil seo a leanas:

- mar dhuine atá ina bhun
- mar chóitseálaí/cóiréagrafaí.

Ón am a thosaíonn sé ag staidéar ar Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, ba cheart go mbeadh deis ag an bhfoghlaimeoir na gníomhaíochtaí óna bhféadfaidh sé roghnú chun a thionscadal a chur i gcrích iontu a mheas. Tá roinnt rudaí le meas agus an ghníomhaíocht sin á roghnú.

- Ní mór Bord Náisiúnta Rialaithe Spóirt (NGB) atá cleamhnaithe le Spórt Éireann a bheith ag an ngníomhaíocht a roghnaítear.
- Ní mór don ghníomhaíocht an sainmhíniú ar spórt comórtais a chomhlíonadh, mar a dtugtar breac-chuntas air san Acht um Chomhairle Spóirt na hÉireann, 1999: ciallaíonn "spórt comórtais" gach cineál gníomhaíochta coirp a bhfuil sé d'aidhm leo, trí pháirteachas eagraithe, aclaíocht choirp a léiriú nó a fheabhsú agus torthaí feabhsaithe a bhaint amach i gcomórtais ar gach leibhéal.
- Is ag an scoil, i gcomhairle leis an múinteoir corpoideachais, a bheidh an cinneadh deiridh faoi raon na ngníomhaíochtaí ar féidir freastal orthu agus tacú leo don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp. Beidh comhthéacs sonrach na scoile, an clár corpoideachais agus na deiseanna gníomhaíochta coirp a d'fhéadfadh a bheith ar fáil do gach foghlaimeoir, mar bhonn eolais don chinneadh sin.
- Ní mór don fhoghlaimeoir an tionscadal a chur i gcrích i réimse gníomhaíochta éagsúil ón gceann a roghnaigh sé dá Mheasúnú Feidhmíochta. I gcásanna áirithe, ní fhéadfar gníomhaíocht don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a roghnú as gníomhaíochtaí na sonraíochta, m.sh. galf, trí-atlan, dornálaíocht. Teastaíonn idirdhealú soiléir idir an ghníomhaíocht choirp a roghnaítear don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp agus an réimse gníomhaíochta coirp a roghnaítear don mheasúnú feidhmíochta, m.sh. trí-atlan agus sacar.
- Ba cheart roghnú na gníomhaíochta don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a mheas go cúramach lena chinntiú go dtugann an ghníomhaíocht a roghnófar deis don fhoghlaimeoir forbairt a dhéanamh ar an eolas agus an tuiscint atá aige ar ghníomhaíocht atá sách difriúil ón gceann a roghnaigh sé dá Mheasúnú Feidhmíochta, mar shampla tarrtháil agus sleá nó cispheil agus gleacaíocht. Cabhróidh sin lena chinntiú go mbeidh an fhoghlaim i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta leathan agus cothromaithe.
- Sa chás go bhfuil an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp á chur i gcrích i ngníomhaíocht lasmuigh den rang corpoideachais, i.e. suíomh seach-churaclaim nó taobh amuigh den scoil, ní mór don fhoghlaimeoir cloí go hiomlán le Beartas Úsáide Inghlactha na scoile; le prótacail na scoile um chosaint sonraí; leis an mBeartas Úsáide Inghlacthaa bhaineann leis an suíomh taobh amuigh agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

- Ní mór don mhúinteoir corpoideachais, nó do mhúinteoir eile atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus ar ball d'fhoireann mhúinteoireachta na scoile é/í, a bheith toilteanach dul leis an bhfoghlaimeoir chuig an gclub/an tsaoráid sheachtrach áit a mbaileofar aon fhíseáin nó grianghraif chun tacú leis an tionscadal. Tá gá leis sin lena chinntiú go gcloífear le gach prótacal maidir le cosaint sonraí agus lena chinntiú go mbainfear amach na riachtanais fíordheimhnithe agus críochnaithe go léir arna leagan amach ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Sa chomhthéacs sin, beidh sé riachtanach go mbeidh cur amach ag an múinteoir tionlacain ar na riachtanais agus ar na prótacail go léir a bhaineann leis an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp.

Féadfaidh an foghlaimeoir rogha a dhéanamh an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a chur i gcrích i gceann de na róil seo a leanas:

- mar dhuine atá ina bhun
- mar chóitseálaí/cóiréagrafaí.

Deartar an rogha sin lena chinntiú go mbeidh an measúnú níos cuimsithí, mar seans gurbh fhearr leis an bhfoghlaimeoir a thuiscint ar na peirspictíochtaí teoiriciúla a chur i bhfeidhm chun cabhrú le foghlaimeoir eile a thaispeántas a fheabhsú. Ní mór don fhoghlaimeoir a roghnaíonn an tionscadal a chur i gcrích i ról an chóitseálaí nó an chóiréagrafaí é sin a dhéanamh ach oibriú le piara ina rang nó ina chlub/ghrúpa.

**TÁBLA 1: MEASÚNÚ AR RÓIL, I.E. DUINE ATÁ INA BHUN AGUS CÓITSEÁLAÍ/CÓIRÉAGRAFAÍ, SA TIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA COIRP**

| DUINE ATÁ INA BHUN | CÓITSEÁLAÍ/CÓIRÉAGRAFAÍ |
|---|---|
| **Measúnú mar dhuine atá ina bhun**<br><br>Déanfar measúnú ar an bhfoghlaimeoir bunaithe ar a chumas clár gníomhaíochta coirp pearsanta a dhearadh chun cur lena thaispeántas i ngníomhaíocht dá rogha féin.<br><br>Ní mór don fhoghlaimeoir anailís ar an taispeántas a chur i gcrích ina ghníomhaíocht roghnaithe, ceithre sprioc feidhmíochta ar leithligh is mian leis a fheabhsú a shainaithint agus bearta ceartaitheacha a chur i bhfeidhm chun taispeántas a bharrfheabhsú i gcás comórtais/coibhéiseach. Déantar measúnú breise ar an bhfoghlaimeoir maidir lena chumas chun feabhsúcháin ar a thaispeántas a thaifeadadh, a athbhreithniú agus a mheas.<br><br>Ba cheart don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp an raon scileanna agus teicnící a dtugtar breac-chuntas orthu i gCuid 6 den tsonraíocht, *Réimsí Gníomhaíochta Coirp* (lgh 34-46) a léiriú. | **Measúnú mar chóitseálaí/chóiréagrafaí**<br><br>Chun críche measúnaithe, tuigtear ról an chóitseálaí/an chóiréagrafaí mar an duine atá freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar ullmhúchán, ar chur i gcrích agus ar mheastóireacht thaispeántas piara[1] ina ghníomhaíocht roghnaithe.<br><br>Táthar ag súil go dtaispeánfaidh an foghlaimeoir fianaise ar a chumas maidir le hanailís a dhéanamh ar thaispeántas duine éigin eile, le ceithre sprioc feidhmíochta ar leithligh a shainaithint ar mhaithe le plean feabhsaithe, le foghlaimeoir eile a chomhordú agus a threorú i mbearta ceartaitheacha a chur i bhfeidhm chun a thaispeántas a bharrfheabhsú i gcás comórtais/coibhéiseach. Déantar measúnú breise ar an bhfoghlaimeoir maidir lena chumas chun feabhsúcháin ar a thaispeántas a thaifeadadh, a athbhreithniú agus a mheas.<br><br>Ba cheart don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp an raon scileanna agus teicnící a dtugtar breac-chuntas orthu i gCuid 6 den tsonraíocht, *Réimsí Gníomhaíochta Coirp* (lgh 36-46) a léiriú. |

1 Is ionann 'piara' agus scoláire sa tsraith shinsearach.

Bainfidh an foghlaimeoir úsáid as an teicneolaíocht dhigiteach chun tacú lena fhoghlaim ar feadh dhá bhliain an chúrsa, Corpoideachas na hArdteistiméireachta. Tabharfaidh sé sin deis don fhoghlaimeoir an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a thabhairt chun críche go neamhspleách, in am trátha, i bhformáid dhigiteach, le tacaíocht óna mhúinteoir agus óna phiaraí. Beidh an foghlaimeoir cleachtach ar Bheartas Úsáide Inghlactha agus ar phrótacail cosanta sonraí na scoile agus cloífidh sé leo, mar a oibríonn sé i dtreo torthaí foghlama éagsúla sa tsonraíocht. Beidh feidhm leis na prótacail sin freisin mar a chuireann sé a Thionscadal Gníomhaíochta Coirp i gcrích.

Tá ar an bhfoghlaimeoir/na foghlaimeoirí a bhíonn i bhfíseáin nó i ngrianghraif mar an duine atá i mbun gníomhaíochta, nó i ról tacaíochta, comhaontú a shíniú go foirmiúil ar leibhéal scoile, go gcloífidh sé/siad le gach prótacal ábhartha agus é/iad rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp. Lena chinntiú go dtabharfaidh an foghlaimeoir/na foghlaimeoirí toiliú feasach, is ceart é/iad a chur ar an eolas go bhfuil íomhánna á mbailiú mar ullmhúchán do Thionscadal Gníomhaíochta Coirp agus go gcomhlíonfaidh stóráil agus úsáid na n-íomhánna go hiomlán le prótacail na scoile um chosaint sonraí, le Beartas Úsáide Inghlactha na scoile agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

Sa chás go gcuirfear an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp i gcrích i suíomh lasmuigh den scoil, is ceart an foghlaimeoir/na foghlaimeoirí a chur ar an eolas go gcaithfear cloí go dian le gach beartas comhfhreagrach de chuid an chlub/an ghrúpa chomh maith leis an RGCS. Is ceart an foghlaimeoir/na foghlaimeoirí a chur ar an eolas freisin go ndéanfar roinnt de na híomhánna nó iad go léir a roinnt le Coimisiún na Scrúduithe Stáit chun críocha measúnaithe i scrúdú Chorpoideachas na hArdteistiméireachta. Is ceart an líon daoine i róil thacaíochta a choimeád chomh híseal agus is féidir.

## RÓL AN MHÚINTEORA CORPOIDEACHAIS

Tá ról tábhachtach ag an múinteoir sa Tionscadal Gníomhaíochta Coirp ó thaobh tacaíochta agus maoirseachta de. San áireamh sa ról tá tacú leis an bhfoghlaimeoir chun an tionscadal a thabhairt chun críche, ag cinntiú go bhfuil an foghlaimeoir ag cloí go hiomlán le riachtanais na sonraíochta agus na rialachán a bhaineann leis an measúnú atá leagtha síos ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Agus foghlaimeoirí ag roghnú na gníomhaíochta agus an róil a bheartaíonn siad díriú orthu sa Tionscadal Gníomhaíochta Coirp, is féidir leis an múinteoir corpoideachais na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- A chinntiú go dtuigeann foghlaimeoirí na srianta atá i bhfeidhm le gníomhaíocht a roghnú, i.e. cleamhnacht le Spórt Éireann agus comhlíonadh leis an sainmhíniú ar 'spórt comórtais' mar ar tugadh breac-chuntas air thuas.
- Raon na ngníomhaíochtaí ar féidir freastal orthu agus tacú leo dá dTionscadal Gníomhaíochta Coirp a chomhaontú le foghlaimeoirí. Seans go mb'fhearr le roinnt foghlaimeoirí díriú ar ghníomhaíocht choirp lasmuigh den rang corpoideachais, e.g. gníomhaíocht seach-churaclaim nó i suíomh lasmuigh den scoil. An múinteoir a dhéanfaidh an cinneadh deiridh maidir leis an líon foghlaimeoirí ar féidir freastal orthu lena rogha agus maidir leis an bhfáil a bheidh orthu féin nó ar mhúinteoir ainmnithe sa scoil chun maoirseacht a dhéanamh ar gach gníomhaíocht lasmuigh den scoil a bhaineann leis an tionscadal.
- Tacú leis an bhfoghlaimeoir an ról is mian leis tabhairt faoi don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a roghnú, i.e. an duine atá ina bhun nó an cóitseálaí/cóiréagrafaí.
- A chinntiú go bhfuil cleachtadh agus tuiscint ag foghlaimeoirí ar a thábhachtach is atá sé cloí le Beartas Úsáide Inghlactha na scoile agus le prótacail na scoile um chosaint sonraí, chomh maith leis an RGCS, agus mar sin a scileanna a fhorbairt maidir le saoránacht dhigiteach fhreagrach.

- Comhairle agus tacaíocht a sholáthar don fhoghlaimeoir lena chinntiú go gcloífear go dian leis na riachtanais maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chríochnú an tionscadail, le gur féidir an tionscadal a fhíordheimhniú mar shaothar an fhoghlaimeora agus sin amháin.
- I gcás go bhfuil níos mó ná foghlaimeoir amháin, i rang ar leith, ag obair ar an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp céanna, is tábhachtach a chinntiú go bhfuil cineálacha cur chuige difriúla á nglacadh ag gach foghlaimeoir.
- A chinntiú go bhfuil deiseanna leanúnacha ag foghlaimeoirí a scileanna sna meáin dhigiteacha a fhorbairt go héifeachtach agus go sábháilte agus iad ag foghlaim i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta. Cuirfidh na scileanna sin ar chumas na bhfoghlaimeoirí a dTionscadal Gníomhaíochta Coirp a chur i gcrích go héifeachtach agus go freagrach le tacaíocht óna múinteoir corpoideachais.
- A chinntiú go n-éiríonn foghlaimeoirí cleachtach ar na critéir mheasúnaithe don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp mar chuid lárnach dá bhfoghlaim leanúnach.

### CÉIM 2: AN TIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA COIRP A THABHAIRT CHUN CRÍCHE

Eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit faisnéis mhionsonraithe ar struchtúr, ar leagan amach agus ar fhad na tuairisce ar an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp. San áireamh san fhaisnéis sin beidh mionsonraí faoi bheartas Choimisiún na Scrúduithe Stáit maidir le hábhar a chuirfear isteach a choimeád agus a úsáid chun críocha measúnaithe agus maidir leis an leagan síos caighdeán agus an oiliúint do scrúdaitheoirí a théann leis sin, i gcomhlíonadh leis an RGCS. Beidh an tuairisc ar an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp laistigh den struchtúr foriomlán seo a leanas agus beidh cúig ghné, an réamhrá san áireamh, inti:

#### RÉAMHRÁ

1. Anailís ar an taispeántas.
2. Ceithre sprioc feidhmíochta a shainaithint.
3. Traenáil/cleachtadh agus machnamh leanúnach.
4. Anailís scoir.

Iarrtar ar fhoghlaimeoirí an méid seo a leanas a dhéanamh i ngach cuid:

| | |
|---|---|
| **Cuid 1:**<br><br>**Réamhrá & Anailís ar an taispeántas** | ‣ Réamhrá pearsanta gairid a thabhairt, lena n-áirítear uimhir scrúdaithe Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus an chúis leis an ngníomhaíocht choirp a roghnú don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp.<br>‣ Raon sonraí ábhartha a eascraíonn as an anailís ar a dtaispeántas sa ghníomhaíocht choirp roghnaithe a bhailiú. D'fhéadfadh na nithe seo a bheith san áireamh leis sin<br>• na príomhriachtanais a bhaineann leis an ngníomhaíocht/ról roghnaithe a shainaithint<br>• an taispeántas a chur i gcomparáid le taispeántas duine atá ina bhun ar eiseamláir é<br>• céim foghlama an duine atá ina bhun a shainaithint<br>• athbhreithniú ar chuir chuige cóiréagrafacha<br>• anailís ar scil agus teicníc<br>• anailís bhithmheicniúil<br>• anailís ar bheartaíocht agus straitéisí<br>• anailís ar ullmhacht shíceolaíoch roimh an taispeántas, lena linn agus i ndiaidh an taispeántais<br>• tástáil ar chorpacmhainn fhisiceach a bhaineann le taispeántas<br>• tástáil ar chorpamhainn fhisiceach a bhaineann leis an tsláinte.<br>‣ Is ceart físeán agus/nó grianghraif den taispeántas a úsáid chun tacú leis an bpróiseas anailíse. Is féidir modhanna anailíse eile, amhail bileoga anailíse agus torthaí cluichí, bileoga próifíle imreoirí, liostaí breathnaithe, torthaí ó thástálacha corpacmhainne, uirlisí chun anailís a dhéanamh ar ghluaiseacht, agus aiseolas ó phiaraí agus ó mhúinteoirí, a chur san áireamh mar théacschomhaid.<br>‣ Is ceart úsáid a bhaint as na sonraí a bhailítear chun anailís a dhéanamh ar an taispeántas ag tarraingt ar na peirspictíochtaí teoiriciúla difriúla agus téarmaí teicniúla ábhartha á n-úsáid.<br>‣ Is féidir na sonraí sin a úsáid mar fhaisnéis do na ceithre sprioc feidhmíochta ar leithligh ar a ndíreofar sa tionscadal.<br>‣ Is iad na sonraí is ábhartha le cur san áireamh sa chuid seo na sonraí a thacaíonn le rogha na gceithre sprioc feidhmíochta arna sainaithint i gCuid 2 thíos.<br>‣ Is féidir an anailís ar an taispeántas a chur i láthair i bhfoirm scríofa, físeáin nó fuaime. Ba cheart don fhoghlaimeoir míniú gairid a thabhairt ar an anailís ar an taispeántas ar tugadh faoi, chomh maith le cad a insíonn na sonraí dó faoina thaispeántas. |

| | |
|---|---|
| **Cuid 2: Ceithre sprioc feidhmíochta a shainaithint** | ‣ Ceithre sprioc feidhmíochta ar leithligh a cheapadh as na réimsí a dtarraingítear aird orthu sa tsonraíocht, tógtha as na nithe seo a leanas:<br>• scil agus teicníc a fhoghlaim agus a fheabhsú<br>• éilimh shíceolaíocha an taispeántais<br>• éilimh fhiseolaíocha<br>• corpacmhainn fhisiceach a bhaineann le taispeántas<br>• corpamhainn fhisiceach a bhaineann leis an tsláinte<br>• anailís bhithmheicniúil/ar ghluaiseacht<br>• struchtúir, straitéisí agus/nó gnéithe comhdhéanaimh<br>• róil agus caidrimh<br>• aiste bia agus cothú.<br>Is féidir na spriocanna feidhmíochta a chur i láthair i bhfoirm scríofa, físeáin nó fuaime. Ba cheart don fhoghlaimeoir míniú gairid a thabhairt ar an gcúis gur roghnaíodh na ceithre sprioc sin agus ar an tslí a mbaineann siad leis an anailís ar an taispeántas a rinne an foghlaimeoir i gCuid 1. |
| **Cuid 3: Fianaise ar thraenáil/ cleachtadh agus machnamh leanúnach** | ‣ Clár traenála/cleachtaidh a dhearadh ina dtugtar aghaidh ar na réimsí sainaitheanta bunaithe ar dhea-phrionsabail theoiriciúla.<br>‣ Ba cheart don fhoghlaimeoir breac-chuntas ar an gclár a thabhairt sa chuid seo.<br>‣ Fianaise a thabhairt ar chur i bhfeidhm an chláir, mar an duine ina bhun nó mar chóitseálaí/cóiréagrafaí. Ba cheart go n-áireofaí san fhianaise ceithre phíosa ghearra de mhachnamh leanúnach – machnamh amháin le haghaidh gach ceann de na ceithre sprioc feidhmíochta ag díriú ar a eispéiris ar a bheith ag obair i dtreo a fheidhmíocht a fheabhsú trí aghaidh a thabhairt ar gach sprioc. Is féidir an fhianaise a chur i láthair i bhfoirm scríofa, físeáin/grianghraif nó fuaime. |
| **Cuid 4: Anailís scoir** | ‣ Déan an próiseas anailíse arís chun meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn ag deireadh an chláir.<br>‣ Déan machnamh deiridh ar éifeachtacht an chláir. Is ceart díriú ar gach ceann de na spriocanna feidhmíochta sa chomhthéacs seo. Is ceart don fhoghlaimeoir moltaí a thabhairt freisin maidir leis na chéad chéimeanna eile chun tuilleadh feabhsaithe a dhéanamh. Is féidir an chuid seo a chur i láthair i bhfoirm scríofa, físeáin/grianghraif nó fuaime. |

Is é ról an mhúinteora corpoideachais ag Céim 2

- An méid is gá a mhúineadh a shainaithint d'fhonn éascú don fhoghlaimeoir an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a thabhairt chun críche. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh ar an múinteoir roinnt topaicí nó fothopaicí a mhúineadh níos luaithe ná mar a bhí beartaithe aige.
- Aird ar leith a thabhairt ar na torthaí foghlama a bhaineann go díreach leis an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp, chomh maith leis na torthaí ábhartha eile i Snáithe 1 den tsonraíocht. Is iad na torthaí foghlama sin a ndéanfar measúnú orthu trí bhíthin an Tionscadail Gníomhaíochta Coirp.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na huirlisí chun anailís a dhéanamh ar an taispeántas atá beartaithe ag an bhfoghlaimeoir a úsáid lena chinntiú go dtabharfaidh siad léargais shuntasacha agus úsáideacha ar cháilíocht an taispeántais reatha.
- Agus rannán na hanailíse curtha i gcrích ag an bhfoghlaimeoir, torthaí na hanailíse agus na ceithre sprioc feidhmíochta a bheartaíonn an foghlaimeoir díriú orthu a phlé. A chinntiú go bhfuil sé i gceist ag an bhfoghlaimeoir an taispeántas a fheabhsú agus ceithre pheirspictíocht theoiriciúla shonracha á n-úsáid mar bhonn faisnéise.


- Smaointeoireacht chriticiúil an fhoghlaimeora i leith na bpeirspictíochtaí arna roghnú a spreagadh trí cheisteanna amhail: I gcomhthéacs do thaispeántais nó do ról mar chóitseálaí/cóiréagrafaí, cad iad na ceithre phríomh-pheirspictíocht a éilíonn aird faoi leith? Cad iad na gnéithe sonracha maidir le gach ceann de na peirspictíochtaí seo atá sé i gceist agat a fheabhsú agus cén fáth? Cén áit ar féidir leat teacht ar shonraí agus ar fhaisnéis chun bonn eolais a chur faoi do phleanáil? Cé a d'fhéadfadh a bheith ina eiseamláir de dhuine ina bhun a bhféadfá do thaispeántas a chur i gcomparáid leis? Cad é an raon gníomhartha féideartha a d'fhéadfaí a dhéanamh chun do thaispeántas a fheabhsú? Cén fáth ar roghnaigh tú gníomh amháin thar cheann eile? Conas is féidir leis an tionscadal seo cuidiú leat do thaispeántas a fhorbairt nó tacú le duine eile chun a thaispeántas a fheabhsú?
- A chinntiú go bhfuil an foghlaimeoir in ann a rogha spriocanna agus a phleananna chun feabhas a chur ar a thaispeántas a chosaint agus údar a thabhairt leo, i bhfianaise a chuid foghlama ar an gcúrsa.
- Tacú leis an bhfoghlaimeoir trí bhíthin úsáid éifeachtach agus éifeachtúil a bhaint as TF chun taifeadadh a dhéanamh ar an bpróiseas maidir lena Thionscadal Gníomhaíochta Coirp a chur i gcrích.
- A chinntiú go gcloítear leis na riachtanais chomhlíonta uile atá leagtha amach ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.
- A chinntiú go bhfuil foghlaimeoirí cleachtach ar bheartas cosanta sonraí agus ar Bheartas Úsáide Inghlactha na scoile agus go gcloíonn siad leo.
- A chinntiú go gcloítear leis na riachtanais uile a bhaineann leis an RGCS.

### CÉIM 3: AN TUAIRISC A CHRUTHÚ

Tugtar an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp chun críche go digiteach agus an teimpléad, an fhormáid chomhaid agus na treoracha arna sonrú ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit in úsáid. Beidh roinnt de na gnéithe seo a leanas, nó iad go léir, sa tionscadal críochnaithe: píosaí fuaime/físe, grianghraif agus doiciméid téacs. Is féidir iad sin go léir a leabú sa teimpléad forordaithe. Ní mór na híomhánna go léir a ghlacadh, a eagrú agus a fhoilsiú de réir riachtanais Bheartas Úsáide Inghlactha agus Bheartas Cosanta Sonraí na scoile agus leis an RGCS.

Nuair a bhíonn an tionscadal curtha i gcrích, sábhálann foghlaimeoirí é san fhormáid chomhaid arna sonrú ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit faoi lár mhí na Nollag sa séú bliain agus bíonn sé ar fáil le cur ar aghaidh chuig an gCoimisiún ag dáta a shonróidh an Coimisiún.

Beidh na gnéithe seo a leanas sa tionscadal:



**Físeán/grianghraif den ghníomhaíocht choirp roghnaithe**—a bhaineann leis an anailís ar an ngníomhaíocht choirp, le cur i bhfeidhm an chláir agus leis an anailís scoir.

**Tráchtaireacht**—an tionscadal a chur i láthair, anailís ar thaispeántas, cur i bhfeidhm an chláir agus anailís scoir. Is féidir é sin a chur i láthair i bhformáid físe, fuaime nó scríofa.

**Ábhar breise léiritheach**—d'fhéadfadh teimpléid a úsáideadh san anailís, i gcur i bhfeidhm an chláir, agus/nó san anailís scoir a chabhróidh leis an tionscadal a thuiscint agus/nó na cuir chuige a úsáideadh chun an tionscadal a chur i gcrích a bheith i gceist leis sin. Coimisiún na Scrúduithe Stáit a shonróidh an méid ábhair bhreise léirithigh a cheadófar.

Ní mór gur saothar an fhoghlaimeora féin a bheidh sa Tionscadal Gníomhaíochta Coirp. Cé go bhféadfaidh foghlaimeoirí oibriú le chéile i ngrúpaí de bheirt, de thriúr nó i bhfoirne, ag brath ar an ngníomhaíocht choirp, ní mór dóibh a dtuairisc féin ar Thionscadal Gníomhaíochta Coirp a dhéanamh ina n-aonar, bunaithe ar a spriocanna feidhmíochta féin. Cuireann an foghlaimeoir an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp i gcrích sa rang corpoideachais.

Is é ról an mhúinteora corpoideachais ag Céim 3

- A chinntiú go gcloíonn Tionscadail Ghníomhaíochta Coirp na bhfoghlaimeoirí leis na rialacháin arna leagan síos ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit maidir le fad an fhíseáin, líon focal agus sleamhnán, srl., mar a fhorordaíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit.
- A chinntiú go gcloítear leis na riachtanais chomhlíonta uile arna leagan amach ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.
- A chinntiú go gcloítear leis na riachtanais uile a bhaineann le Beartas Úsáide Inghlactha na scoile, le prótacail chosanta sonraí agus leis an RGCS.
- A chinntiú go gcuirtear an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp i gcrích sa rang corpoideachais.

Déantar eagarthóireacht ar an bhfíseán agus foilsítear é i suíomh na scoile, faoi mhonatóireacht an mhúinteora, chun fíordheimhniú an fhíseáin mar shaothar an fhoghlaimeora féin a éascú. Is ceart cóipeanna cúltaca a dhéanamh de na tionscadail ar chóras stórála criptithe slán go dtí go mbeidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit sásta go bhfuil na tionscadail faighte agus go bhfuil teacht orthu. Ciallaíonn sé sin go gcaithfear ábhar a choimeád go dtí go mbeidh an próiseas scrúdaithe críochnaithe, i.e. go dtí go mbeidh an próiseas achomharc thart.

### IDIRDHEALÚ

Sa Tionscadal Gníomhaíochta Coirp, déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit idirdhealú idir Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal ag an bpointe measúnaithe, agus na leibhéil éagsúla gnóthachtála a mbítear ag súil leo idir na cinn atá curtha i láthair ar na leibhéil sin á léiriú. De bhreis ar na tuairisceoirí cáilíochta atá leagtha amach ag deireadh na cáipéise, leagtar amach sa tábla seo a leanas roinnt treoirlínte maidir leis an tslí a bhféadfaí idirdhealú idir an méid a mbítear ag súil leis ó fhoghlaimeoir Ardleibhéil agus ó fhoghlaimeoir Gnáthleibhéil agus breathnóireachtaí i dtimpeallacht teagaisc a dhéanamh díobh sin.

| IDIRDHEALÚ | |
|---|---|
| **Bheifí ag súil go ndéanfadh foghlaimeoirí Gnáthleibhéil an méid seo a leanas:** | **Bheifí ag súil go ndéanfadh foghlaimeoirí Ardleibhéil an méid seo a leanas:** |
| ‣ a bheith in ann tarraingt ar eolas agus tuiscint ar ceithre pheirspictíocht theoiriciúla maidir le hanailís ar an taispeántas a phleanáil<br>‣ ceithre uirlis chun anailís a dhéanamh ar an taispeántas a chur san áireamh<br>‣ ceithre sprioc dhúshlánacha, réadúla ar leithligh a leagan amach bunaithe ar thorthaí na hanailíse ar an taispeántas a rinneadh<br>‣ clár a dhearadh a dhíríonn ar thaispeántas a fheabhsú i ndáil le ceithre sprioc feidhmíochta<br>‣ fianaise a thaispeáint ar chur i bhfeidhm an chláir<br>‣ roinnt fianaise a thaispeáint go bhfuil sé de chumas aige machnamh a dhéanamh ar thionchar an chláir ar tugadh faoi chun taispeántas a fheabhsú | ‣ a bheith in ann tarraingt ar eolas domhain agus ar thuiscint dhomhain ar ceithre pheirspictíocht theoiriciúla maidir le hanailís ar an taispeántas a phleanáil<br>‣ ceithre uirlis anailíse a roghnú go criticiúil chun anailís a dhéanamh ar an taispeántas, a léiríonn tuiscint shoiléir ar chastacht na ngnéithe éagsúla den taispeántas<br>‣ ceithre sprioc dhúshlánacha, réadúla ar leithligh a leagan amach bunaithe ar thorthaí na hanailíse ar an taispeántas a rinneadh Is ceart na spriocanna a cheapadh tríd an bprionsabal le haghaidh spriocanna SMART (Sonrach, Intomhaiste, Indéanta, Ábhartha, Faoi cheangal ama), nó prionsabal cosúil leis, a úsáid<br>‣ clár dúshlánach agus cruthaitheach a dhearadh ina ndírítear ar thaispeántas a fheabhsú i ndáil le ceithre sprioc feidhmíochta<br>‣ fianaise mhionsonraithe agus chruinn a thabhairt ar chur i bhfeidhm an chláir<br>‣ cumas soiléir a thaispeáint maidir le machnamh criticiúil a dhéanamh ar thionchar an chláir ar tugadh faoi chun taispeántas a fheabhsú |

## TIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA COIRP Á CHUR I GCRÍCH I SUÍMH LASMUIGH DEN RANG CORPOIDEACHAIS

Faoi réir ag comhaontú leis an scoil, féadfaidh roinnt foghlaimeoirí a dtionscadal a chur i gcrích i ngníomhaíocht lasmuigh den rang corpoideachais. Féadfaidh an ghníomhaíocht sin tarlú mar chuid de chlár seach-churaclaim na scoile nó i suíomh lasmuigh den scoil. Ní mór do na prótacail maidir le bailiú sonraí sa suíomh a bheith ag teacht le prótacail chosanta sonraí na scoile, le Beartas Úsáide Inghlactha na scoile agus leis an RGCS. Beidh an foghlaimeoir agus an scoil freagrach as Beartas Úsáide Inghlactha na scoile, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus beartais agus rialacháin an tsuímh a chomhlíonadh go hiomlán agus an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp á chur i gcrích. Is ceart do na foirmeacha toilithe a chomhlánaíonn an foghlaimeoir agus a thuismitheoir/chaomhnóir na prótacail sin a léiriú. Ní féidir toirmeasc nó srianta ar bith maidir le híomhánna a ghlacadh a shárú trí bhíthin foirmeacha toilithe a bheith á gcomhlánú ag foghlaimeoirí agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.

Sa chás go bhfuil a Thionscadal Gníomhaíochta Coirp á chur i gcrích ag an bhfoghlaimeoir agus ról an chóitseálaí/chóiréagrafaí aige, ní mór dó a chinntiú go bhfuil toiliú tugtha ag an duine lena bhfuil sé ag obair agus ag a thuismitheoir/chaomhnóir agus go bhfuil siad go hiomlán ar an eolas faoi na prótacail chosanta sonraí atá á leanúint.

Is dócha go mbaileoidh an foghlaimeoir íomhánna den taispeántas ag trí ócáid faoi leith: ag tús an tionscadail chun tacú le hanailís ar an taispeántas agus le leagan amach spriocanna, i rith chur i bhfeidhm an chláir chun fianaise a thabhairt ar rannpháirtíocht sa chlár a dearadh chun feidhmíocht a fheabhsú agus arís, ag deireadh an chláir, chun tacú leis an anailís scoir. Ní mór gnéithe eile den anailís ar an taispeántas, amhail tástáil ar chorpacmhainn a bhaineann le taispeántas, a dhéanamh faoi mhaoirseacht an mhúinteora corpoideachais. Is ceart iad a dhéanamh sa rang corpoideachais nuair is féidir sin. Déantar eagarthóireacht ar an bhfíseán agus foilsítear é i suíomh na scoile, faoi mhonatóireacht an mhúinteora, chun fíordheimhniú an fhíseáin mar shaothar an fhoghlaimeora féin a éascú. Is ceart do na gníomhaíochtaí sin Beartas Úsáide Inghlactha na scoile, prótacail chosanta sonraí na scoile agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a chomhlíonadh go hiomlán.

Chomh maith le Tionscadail Ghníomhaíochta Coirp a chuirtear i gcrích sa rang corpoideachais, ní mór an tionscadal a chur i gcrích agus na coinníollacha maidir le cur i gcrích atá leagtha amach ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit á chomhlíonadh go hiomlán aige.

Gnéithe eile nach mór breis machnaimh a dhéanamh orthu:

- Agus íomhánna den taispeántas á nglacadh i bhfoirm físe nó grianghraif chun tacú leis an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp, ní mór cloí go hiomlán leis na riachtanais uile a bhaineann le Beartas Úsáide Inghlactha na scoile, le prótacail chosanta sonraí agus leis an RGCS.
- Beidh múinteoir corpoideachais an fhoghlaimeora, nó duine ainmnithe eile ó fhoireann teagaisc na scoile, i láthair chun maoirsiú díreach a dhéanamh ar aon taifeadadh a dhéanfaí.
- Comhaontóidh ionadaí ón suíomh a bheith i láthair an fhad a bheidh an foghlaimeoir ag bailiú íomhánna chun tacú lena Thionscadal Gníomhaíochta Coirp.
- Is ceart físeáin agus grianghraif a uaslódáil ar shaoráid stórála slán na scoile chomh luath agus is féidir i ndiaidh na seisiún agus iad a scriosadh ón ngléas taifeadta chomh luath is a dhéantar cóipeanna cúltaca.
- Cuirfidh foghlaimeoirí a dtionscadal i gcrích faoi mhaoirseacht an mhúinteora le linn am ranga.

# Aguisín A: Sampla de litir thoilithe ón tuismitheoir

**Sampla de litir ina lorgaítear cead ón tuismitheoir maidir le rannpháirtíocht a pháiste mar ábhar i bpíosa cóitseála/cóiréagrafaíochta i dTionscadal Gníomhaíochta Coirp foghlaimeora eile.**

A Thuismitheoir/Chaomhnóir,

Is ábhar roghnach é Corpoideachas i scrúdú na hArdteistiméireachta. Mar chuid den mheasúnú ar Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, iarrtar ar fhoghlaimeoirí Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a chur i gcrích. Sa tionscadal, dearann foghlaimeoirí clár chun feabhas a chur ar thaispeántas i ngníomhaíocht choip dá rogha féin, ó pheirspictíocht cóitseálaí/cóiréagrafaí.

Roghnaigh ***(ainm an fhoghlaimeora)*** díriú ar ***(ainm na gníomhaíochta)*** i ról an ***(chóitseálaí/chóiréagrafaí)*** i ***(ainm an chlub, na heagraíochta)***. D'fhonn an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a chur i gcrích, beidh ***(ainm an fhoghlaimeora)*** ag bailiú grianghraf/físeán de do pháiste i mbun taispeántais i ***(spórt/gníomhaíocht)***. Beidh ***(ainm an duine)***, ar ball d'fhoireann teagaisc ***(ainm na scoile) é/í***, i láthair ag gach ócáid ina nglacfar taifeadadh físe, chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas taifeadta. ***Beidh (ainm an duine)***, ar ball den ***chlub/eagraíocht é/í***, i láthair nuair a bheidh ***(ainm an fhoghlaimeora)*** ag déanamh an taifeadta.

Déanfar gach íomhá a ghlacfar a uaslódáil ar chóras stórála slán agus criptithe na scoile, atá faoi chosaint ag pasfhocal, chomh luath agus is féidir i ndiaidh an taifeadadh a thabhairt chun críche. Beidh an scoil freagrach as stóráil shlán agus as úsáid gach íomhá ina seilbh de réir a Beartas Úsáide Inghlactha agus Cosanta Sonraí féin agus de réir rialacháin RGCS. Scriosfar gach íomhá a bhaineann leis an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp ón gcóras sin chomh luath agus a bheidh an próiseas measúnaithe, achomhairc san áireamh, tugtha chun críche. Beidh roinnt íomhánna mar chuid de *Thionscadal Gníomhaíochta Coirp* ***(ainm an fhoghlaimeora)***, a chuirfear ar aghaidh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit lena mheas mar chuid dá ***c(h)lár*** Corpoideachais na hArdteistiméireachta.

Sínigh thíos, le do thoil, lena chur in iúl go dtuigeann tú a bhfuil i gceist agus go n-aontaíonn tú leis na socruithe sin.

**Achoimre:**

- Is cuid den mheasúnú ar Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, é an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp. Is éard atá i gceist leis sin, go mbaileoidh do pháiste íomhánna, nó go mbeidh do pháiste in íomhánna de thaispeántas i ***(spórt/gníomhaíocht)*** ar mhaithe leis an measúnú ar an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a dhéanamh le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta.
- Beidh ***(ainm an duine)***, ar ball d'fhoireann teagaisc ***(ainm na scoile) é/í***, i láthair ag gach ócáid ina nglacfar taifeadadh físe, chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas taifeadta.
- Beidh ***(ainm an duine)***, ar ball den ***chlub/eagraíocht é/í***, i láthair nuair a bheidh an taifeadadh á dhéanamh.
- Tabharfaidh ***(ainm an fhoghlaimeora)***, arb ***é/í*** an t-ábhar sonraí, cóip de na foirmeacha toilithe a thabhairt don ***chlub/eagraíocht*** dá dtaifid.
- Scriosfar gach íomhá a bhaineann leis an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp ó fhreastalaí na scoile chomh luath agus a bheidh an próiseas measúnaithe, achomhairc san áireamh, tugtha chun críche.

Síniú an tuismitheora/chaomhnóra ______________________

# Aguisín B: Sampla de litir thoilithe do dhuine óg

**Sampla de litir ina lorgaítear cead ón duine óg maidir lena rannpháirtíocht mar ábhar i bpíosa cóitseála/cóiréagrafaíochta i dTionscadal Gníomhaíochta Coirp foghlaimeora eile**

A ***(duine óg)***, a chara,

Is ábhar roghnach é Corpoideachas i scrúdú na hArdteistiméireachta. Mar chuid den mheasúnú ar Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, iarrtar ar fhoghlaimeoirí Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a chur i gcrích. Sa tionscadal, dearann foghlaimeoirí clár chun feabhas a chur ar thaispeántas i ngníomhaíocht choip dá rogha féin, ó pheirspictíocht cóitseálaí/cóiréagrafaí.

Roghnaigh ***(ainm an fhoghlaimeora)*** díriú ar ***(ainm na gníomhaíochta)*** i ról an ***(chóitseálaí/chóiréagrafaí)*** i ***(ainm an chlub, na heagraíochta)***. D'fhonn an *Tionscadal Gníomhaíochta Coirp* a chur i gcrích, beidh ***(ainm an fhoghlaimeora)*** ag bailiú grianghraf/físeán díotsa i mbun taispeántais i ***(spórt/gníomhaíocht)***. Beidh ***(ainm an duine)***, ar ball d'fhoireann teagaisc ***(ainm na scoile) é/í***, i láthair ag gach ócáid ina nglacfar taifeadadh físe, chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas taifeadta. Beidh ***(ainm an duine)***, ar ball den ***chlub/eagraíocht é/í***, i láthair nuair a bheidh ***(ainm an fhoghlaimeora)*** ag déanamh na dtaifeadtaí.

Déanfar gach íomhá a ghlacfar a uaslódáil ar chóras stórála slán agus criptithe na scoile, atá faoi chosaint ag pasfhocal, chomh luath agus is féidir i ndiaidh an taifeadadh a thabhairt chun críche. Beidh an scoil freagrach as stóráil shlán agus as úsáid gach íomhá ina seilbh de réir a Beartas Úsáide Inghlactha agus Cosanta Sonraí féin agus de réir rialacháin RGCS. Scriosfar gach íomhá a bhaineann leis an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp ón gcóras sin chomh luath agus a bheidh an próiseas measúnaithe, achomhairc san áireamh, tugtha chun críche. Beidh roinnt íomhánna mar chuid de Thionscadal Gníomhaíochta Coirp ***(ainm an fhoghlaimeora),*** a chuirfear ar aghaidh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit lena mheas mar chuid dá ***c(h)lár*** Corpoideachais na hArdteistiméireachta.

Sínigh thíos, le do thoil, lena chur in iúl go dtuigeann tú a bhfuil i gceist agus go n-aontaíonn tú leis na socruithe sin:

**Achoimre:**

- Is cuid den mheasúnú ar Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, é an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp. Is éard atá i gceist leis sin, go mbaileoidh do pháiste íomhánna, nó go mbeidh do pháiste in íomhánna de thaispeántas i ***(spórt/gníomhaíocht)*** ar mhaithe leis an measúnú ar an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a dhéanamh le haghaidh Chorpoideachas na hArdteistiméireachta.
- Beidh ***(ainm an duine)***, ar ball d'fhoireann teagaisc ***(ainm na scoile) é/í***, i láthair ag gach ócáid ina nglacfar taifeadadh físe, chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas taifeadta.
- Beidh ***(ainm an duine)***, ar ball den ***chlub/eagraíocht é/í***, i láthair nuair a bheidh an taifeadadh á dhéanamh.
- Mar an t-ábhar sonraí, tabharfaidh tú cóip den toiliú seo agus d'fhoirmeacha toilithe do thuismitheora/chaomhnóra don ***chlub/eagraíocht*** dá dtaifid.
- Scriosfar gach íomhá a bhaineann leis an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp ó fhreastalaí na scoile chomh luath agus a bheidh an próiseas measúnaithe, achomhairc san áireamh, tugtha chun críche.

Síniú an tuismitheora/chaomhnóra ______________________

# Aguisín C: Tuairisceoirí cáilíochta don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp

Bunófar na tuairisceoirí cáilíochta don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp ar na nithe seo a leanas:

- cumas tabhairt faoi anailís ar an taispeántas le bonn faisnéise ó na peirspictíochtaí teoiriciúla a ndearnadh staidéar orthu i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta
- cumas úsáid a bhaint as eolas agus tuiscint ar na peirspictíochtaí teoiriciúla chun ceithre sprioc feidhmíochta a shainaithint agus chun pleanáil a dhéanamh chun gach ceann díobh a fheabhsú
- cumas míniú a thabhairt ar na cinntí a rinneadh agus anailís a dhéanamh ar láidreachtaí agus laigí an tionscadail ar tugadh faoi.

### TIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA COIRP (20%)—TUAIRISCEOIRÍ CÁILÍOCHTA DON ARDLEIBHÉAL

| CUID 1: ANAILÍS AR AN TAISPEÁNTAS | |
|---|---|
| **Leibhéal ard** | Léiríonn an foghlaimeoir cumas den scoth maidir leis an anailís ar an taispeántas a léirmhíniú. Ceaptar agus baintear úsáid as raon uirlisí féin-anailíse cuimsitheacha chun réimsí forbartha a shainaithint lena gcuimseofar gach gné den tsonraíocht. |
| **Leibhéal measartha** | Léiríonn an foghlaimeoir cumas réasúnta an anailís ar an taispeántas a léirmhíniú. Baintear úsáid as roinnt uirlisí féin-anailíse agus tá an foghlaimeoir in ann réimsí forbartha ina dtaispeántas a phlé. |
| **Leibhéal teoranta** | Léiríonn an foghlaimeoir cumas teoranta an anailís ar an taispeántas a léirmhíniú. Baintear úsáid as uirlisí féin-anailíse bunúsacha chun iniúchadh a dhéanamh ar réimsí forbartha agus tá siad tuairisciúil seachas anailíseach. |
| **CUID 2: SPRIOCANNA FEIDHMÍOCHTA A SHAINAITHINT** | |
| **Leibhéal ard** | Léiríonn doimhne anailíse an fhoghlaimeora maidir leis na ceithre sprioc feidhmíochta is ábhartha a shainaithint méid suntasach eolais agus tuisceana ar an ról ar thug sé faoi, i.e. duine ina bhun nó cóitseálaí/cóiréagrafaí. Is féidir leis an bhfoghlaimeoir, trí bhíthin leibhéal féin-anailíse den scoth, réimsí forbartha ina dtaispeántas a shainaithint agus bearta ceartaitheacha mionsonraithe agus cuí a shonrú ón teoiric a clúdaíodh sa tsonraíocht. Léiríonn an foghlaimeoir leibhéal ard feasachta ar a réimsí forbartha i ndáil leis an tsamhail theicniúil cheart. |
| **Leibhéal measartha** | Léiríonn doimhne anailíse an fhoghlaimeora maidir le ceithre sprioc feidhmíochta a shainaithint eolas agus tuiscint réasúnta ar an ról ar thug sé faoi, i.e. duine ina bhun nó cóitseálaí/cóiréagrafaí. Tá na bearta ceartaitheacha roghnaithe ábhartha agus cuirtear i láthair iad ar leibhéal sásúil. Tá cur i bhfeidhm sásúil déanta ar an teoiric a clúdaíodh sa tsonraíocht. Léiríonn an foghlaimeoir leibhéal leordhóthanach feasachta ar a réimsí forbartha i ndáil leis an tsamhail theicniúil cheart. |
| **Leibhéal teoranta** | Léiríonn doimhne anailíse an fhoghlaimeora maidir le ceithre sprioc feidhmíochta a shainaithint eolas agus tuiscint theoranta ar an ról ar thug sé faoi, i.e. duine ina bhun nó cóitseálaí/cóiréagrafaí. Tá na bearta ceartaitheacha roghnaithe curtha i láthair ar leibhéal bunúsach. Tá roinnt cur i bhfeidhm déanta ar an teoiric a clúdaíodh sa tsonraíocht. Léiríonn an foghlaimeoir leibhéal éigin feasachta ar a réimsí forbartha i ndáil leis an tsamhail theicniúil cheart. |

| CUID 3: FIANAISE AR THRAENÁIL/CLEACHTADH AGUS MACHNAMH LEANÚNACH | |
|---|---|
| **Leibhéal ard** | Tugann an foghlaimeoir fianaise mhionsonraithe ar thraenáil/chleachtadh leanúnach ina ról roghnaithe mar dhuine atá ina bhun nó mar chóitseálaí/cóiréagrafaí, a dhíríonn ar an taispeántas a fheabhsú i ndáil leis na ceithre sprioc feidhmíochta. Léiríonn an foghlaimeoir cumas den scoth maidir le freagra a thabhairt ar dhúshláin agus is féidir leis machnamh léirsteanach a dhéanamh ar an bpróiseas foriomlán. |
| **Leibhéal measartha** | Tugann an foghlaimeoir fianaise ar thraenáil/chleachtadh leanúnach ina ról roghnaithe mar dhuine atá ina bhun nó mar chóitseálaí/cóiréagrafaí, a dhíríonn ar an taispeántas a fheabhsú i ndáil leis na ceithre sprioc feidhmíochta. Léiríonn an foghlaimeoir cumas maith maidir le freagra a thabhairt ar dhúshláin agus is féidir leis machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas foriomlán. |
| **Leibhéal teoranta** | Déanann an foghlaimeoir taifeadadh ar roinnt fianaise ar thraenáil/chleachtadh leanúnach ina ról roghnaithe mar dhuine atá ina bhun nó mar chóitseálaí/cóiréagrafaí, a dhíríonn ar an taispeántas a fheabhsú i ndáil leis na ceithre sprioc feidhmíochta. Léiríonn an foghlaimeoir cumas éigin maidir le freagra a thabhairt ar dhúshláin agus is féidir leis machnamh teoranta a dhéanamh ar an bpróiseas foriomlán. |
| **CUID 4: ANAILÍS SCOIR** | |
| **Leibhéal ard** | Tá tuiscint dhomhain ar na himthosca teoiriciúla, a mbíonn tionchar acu ar fheidhmíocht sa ghníomhaíocht roghnaithe, mar bhonn taca leis an anailís scoir. Tugann an foghlaimeoir anailís den scoth ar a dhul chun cinn i ndáil leis na ceithre sprioc feidhmíochta agus ar láidreachtaí agus laigí an chláir ar tugadh faoi agus taifeadann léargais chuiditheacha ar na chéad chéimeanna eile a d'fhéadfaí a ghlacadh. |
| **Leibhéal measartha** | Tá tuiscint mheasartha ar na himthosca teoiriciúla, a mbíonn tionchar acu ar fheidhmíocht sa ghníomhaíocht roghnaithe, mar bhonn taca leis an anailís scoir. Tugann an foghlaimeoir anailís shásúil ar a dhul chun cinn i ndáil leis na ceithre sprioc feidhmíochta agus ar láidreachtaí agus laigí an chláir ar tugadh faoi agus taifeadann léargais maithe ar na chéad chéimeanna eile a d'fhéadfaí a ghlacadh. |
| **Leibhéal teoranta** | Tá tuiscint theoranta ar na himthosca teoiriciúla, a mbíonn tionchar acu ar fheidhmíocht sa ghníomhaíocht roghnaithe, mar bhonn taca leis an anailís scoir. Tugann an foghlaimeoir anailís éigin ar a dhul chun cinn i ndáil leis na ceithre sprioc feidhmíochta agus ar láidreachtaí agus laigí an chláir ar tugadh faoi agus taifeadann léargais bhunúsacha ar na chéad chéimeanna eile a d'fhéadfaí a ghlacadh. |

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

© 2019 Rialtas na hÉireann

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills